Nuachtlitir 15/09/22

A chairde, tá na daltaí ar fad socruithe ar scoil i ndiaidh na laethanta saoire. Tá siad ag obair go dian agus táimid lán sásta leo.

All the children are back in school and working hard. The teachers are very happy with them.

Fáilte/*Welcome*

Fáilte mhór roimh dhaltaí agus tuismitheoirí Naíonáin Bheaga chuig ár scoil. Tá súil agam go mbainfidh bhur bpáistí agus sibhse an taitneamh as na blianta a bheidh romhaibh anseo. Tá Múinteoir Niamh an-sásta leis na daltaí go dtí seo.

We would like to welcome all the new Naíonáin Bheaga and their families to the school. We hope that they all enjoy their time here and that they will thrive in our school. Múinteoir Niamh is very happy with the childrens' start in school.

An Scoil Nua/ *New School*

Níl aon dáta againn go fóill don scoil nua ach tá dul chun cinn ag tarlú gach lá ar an suíomh.

We have not got a date yet for the new school. Great progress is being made every day.

Ceannaigh Bríce/*Buy A Brick*

Leis an scoil nua nach mór réidh ba mhaith liom cur i gcuimhne daoibh go bhfuil an feachtas "Ceannaigh Bríce" á rith againn chun airgead a thiomsú don scoil nua. Beidh an t-airgead ag teastáil chun íoc as billí costasacha mar leictreachas agus gas agus chun trealamh agus teicneolaíocht nua a cheannach don scoil. Beidh gach pingin úsáidte ar na daltaí agus ba bhreá linn go mbeadh na háiseanna sa scoil chomh maith leis an bhfoirgneamh é féin. Dá bhrí sin más féidir libh impí ar aon teagmháil atá agaibh chun cabhrú linn airgead a bhailiú ar son na scoile bheinn buíoch. Tá tuilleadh eolais má bhrútar ar an nasc thíos.

With the New School nearing completion, I would really appreciate it if we could push the school's "Buy A Brick" initiative to any contacts, business or family that you may have. We will need money to support the running of the new building. Gas and electricity have gone up in price and also the building is far bigger than the one we currently reside in. Also, we would like to purchase up to date equipment so the resources match the building. Every penny will go towards the education of the children. More information and our fantastic video by the children is available at the below link.

https://gaelscoilchnocliamhna.ie/index.php/ceannaigh-brice/

Peil/ *Football*

Tá na sraitheanna peilele Cumann na mBunscol tosaithe anois. Tá Foireann na mBuachaillí agus Foireann na gCailíní againn i mbliana. Míle buíochas do na múinteoirí a thógann na foirne go deonach. Gan iad bheadh sé an deacair páirt a ghlacadh sna comórtais.

The Boys and Girls Gaelic Football leagues have begun. I would like to wish both teams the best of luck. I would also like to thank the teachers who voluntarily train and manage the teams. Without their goodwill it would be very difficult for the school to enter these competitions.

CLG/ *GAA:*

Tá an t-ádh linn go mbeidh scileanna CLG ar siúl ag R1, R2, R3 le Baile Bhuadáin Naomh Éanna ar scoil. Beidh siad seo mar chuid de chorpoideachas na daltaí. Míle buíochas do Phaudie agus do Sheán-óg as ucht na cabhrach ar fad.

We are very happy that coaching from Ballyboden St. Endas can take place again in the school. I would like to thank Paudie and Sean-Óg who will be teaching GAA skills to the children of R1, R2 and R3 this term. This will be as part of the childrens' PE lessons.

Rugbaí/ *Rugby*

Beidh Rugbaí Laighean ag teacht chun na scoile chun scileanna rugbaí a mhúineadh do R5 agus R6 an téarma seo. Is deis iontach í seo do na daltaí spórt nua a fhoghlaim.

Beidh Bleaist Tag- Rugbaí ar siúl ar an 22/09 i St. Mary's Rugby Club do na cailíní ó R5 agus Rang 6. Beidh tuilleadh eolais ag dul amach faoi seo.

Leinster Rugby will be coming to the school this term to coach R5 and R6. This is a great opportunity for the children to experience a different sport and the students who participated last year enjoyed the lessons.

The girls of 5th and 6th class will have a Tag Rugby Blitz on the 22nd of September in St. Mary's Rugby Club. More information will be sent out next week.

Marathon Kids

Tá R6 agus R5 ag glacadh páirt sa scéim "Marathon Kids" sa chéad téarma. Rithfidh siad fad maratóin thar 8 seachtaine agus foghlaimeoidh siad faoin mhaitheas a dhéanann aclaíocht don chorp agus don mheabhairshláinte.

5th and 6th class are starting on the "Marathon Kids" project. They will run the length of a marathon over 8 weeks and also participate in weekly lessons that show the benefit of exercise for the body and the mind.

Gaeilge

Is Gaelscoil muid agus táimid ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil. Mar gheall ar seo tá scéim curtha i bhfeidhm sa chlós a mheallann na daltaí chun Gaeilge a labhairt. Tá na daltaí ag baint taitneamh as seo. Faigheann an rang a bhuann an chomórtas gach seachtain am breise sa chlós. Má bheirtear ar dhalta ag spalpadh Béarla dhá uair laistigh de choicís beidh nóta ag dul abhaile chun na tuismitheoirí a chur ar an eolas. Tá bhur dtacaíocht ag teastáil chun cabhrú linn an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil. Seo ó R1 -R6.

We are a Gaelscoil and we try to encourage the children to use Irish at all times when in school. We have a implemented a fun initiative which promotes Irish during the day. The weekly winning class get some golden time in the yard on a Friday.

However, some children continue to ignore the Irish rule. Any child that is found talking English openly twice within a two week period will have a note sent home to inform their parents. We appreciate your co-operation with this initiative. This is for 1st to 6th class.

Pairceáil/ *Parking*

Tuigim cé chomh deacair is a tá cúrsaí páirceála faoi láthair ach iarraim ar thuismitheoirí gan páirceáil ar na línte buí in aice na scoile. Cuireann sé isteach ar radharc an mhaoir tráchta agus ar radharc na dtiománaithe freisin. Cuireann sé seo na páistí i mbaol.

I understand how difficult the parking situation is. However, I would like to ask if people could refrain from parking or dropping off on any of the yellow zig zag lines near the school. Parking in these areas restricts the view of the traffic warden and the oncoming cars. This puts the children at risk.

Amanta Oscailte/ *School Opening Times*

Meabhrúchán go dtosaíonn ranganna ag 08:50rn. Tá roinnt daltaí ag cailliúint amach ar scoil toisc go bhfuil siad ag teacht isteach déanach. Más féidir le daoine fanacht amach ón Church of Christ freisin bheinn buíoch.

A reminder that school begins at 8:50 am for all students. Some children are missing time in school due to their late arrival. We would appreciate if all children could be on time to minimise disruption to teaching. When collecting or dropping off if you could ensure that the children stay out of the Church of Christ grounds we would be most thankful.

Clárú /*Enrolment*

Beimid ag glacadh le foirmeacha iontrála don scoilbhliain 23-24 ón 3/10/22 ar aghaidh. Tá na foirmeacha le fáil ón oifig nó ar https://gaelscoilchnocliamhna.ie/index.php/claru-registration/

Tá na dátaí ar fad leagtha amach san FÓGRA BLIANTÚIL MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH

We shall be accepting enrolment forms for the next school year from 3/10/22. These will be available on the school website at https://gaelscoilchnocliamhna.ie/index.php/claru-registration/ or by contacting the school as outlined in the Admissions Notice.

Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar The school will commence accepting applications for admission on	03/10/22
Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar The school shall cease accepting applications for admission on	25/10/22
Is é an dáta faoina gcuirfear an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl d'iarratasóirí ná The date by which applicants will be notified of the decision on their application is	11/11/22
Is í an tréimhse nach mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh le tairiscint ar ligean isteach laistigh di ná The period within which applicants must confirm acceptance of an offer of admission is	21/11/22

Plean an scoil nua/ *New school layout*

Bhí cúpla duine ag cur ceist orm faoin scoil nua.

Ní bheidh clós againn go dtí 2023 ach beidh an halla agus an seomra faoin spéir réidh agus muid ag bogadh isteach. Nuair a bheidh gach rud réidh beimid in ann siúl díreach tríd geata isteach sa pháirc mhór. Beidh siad ag leagadh an sean scoil agus beidh dhá chúirt chispheile againn mar chlós. Beidh gairdín na gcéadfaí agus áit súgradh bog ar chúl freisin. Beidh ionad súgradh nach leis an scoil é in aice linn freisin.

Some people have asked me about the new school layout.

When the new building opens we will not have a yard until the beginning of 2023. We will have a hall, a small soft play area and a rooftop terrace which will also be utilised. When everything is finished we will have direct access to the park and our own two basketball courts. There will also be a small sensory garden on our grounds and a playground belong to SDCC beside us. I have attached the layout below.